# CORK COUNTY COUNCIL
## COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ

## PUBLIC NOTICE

**CORK COUNTY DEVELOPMENT PLAN 2022-2028**
**PRE-DRAFT PUBLIC CONSULTATION PHASE**

Notice is hereby given, pursuant to Section 11 of the Planning and Development Act 2000 (as amended) that Cork County Council, being the Planning Authority for the county, intends to review the County Development Plan 2014 and to prepare a new County Development Plan for its functional area.
It is intended that the new Cork County Development Plan 2022 will be the first consolidated Plan for the entire functional area of Cork County Council and relates to the new administrative boundary of the county, post the extension of the City boundary. The functional areas of the 9 former Town Council Towns and the settlements contained within the current 8 Municipal District Local Area Plans will be incorporated into the new County Development Plan.
In this regard, the new County Development Plan will therefore replace not just the current County Development Plan (as varied) but also the following documents:

- The current Clonakilty, Cobh, Fermoy, Kinsale, Macroom, Mallow, Midleton, Skibbereen and Youghal Town Development Plans and
- The current 8 Municipal District Local Area Plans made in 2017.

The preparation of a new development plan shall be strategic in nature for the purposes of developing objectives and policies to deliver an overall strategy for the proper planning and sustainable development of the area of the development plan and the core strategy.

**Strategic Environmental Assessment (SEA)**
Notice is hereby given pursuant to Article 13B of the Planning and Development (Strategic Environmental Assessment) Regulations 2004 (S.I 436 of 2004) (as amended) that the Planning Authority will carry out a Strategic Environmental Assessment as part of the review process and for this purpose, the Planning Authority will also prepare an Environmental Report on the likely significant effects on the environment of implementing the new plan, and the provisions of Articles 13C to 13J of the 2004 SEA Regulations shall apply.

**Appropriate Assessment**
Notice is hereby given pursuant to Article 6 of the Habitats Directive 92/43/ECC that a Stage One screening exercise shall be carried out as part of the process and a Stage Two Appropriate Assessment shall be carried out, (if required.)

**Public Consultation Document**
In order to stimulate debate and encourage participation in this process a Public Consultation Document has been prepared and is available for inspection at the following locations, during normal opening hours, from Thursday 12th March, 2020 to 4 p.m. on Thursday 7th May, 2020 (both dates inclusive):

1. Planning Department, Cork County Council, County Hall, Cork
2. Planning Department, Cork County Council Offices, Norton House, Skibbereen, Co. Cork
3. Cork County Council Divisional Office, Annabella, Mallow, Co. Cork.
4. County Council Branch Libraries throughout Cork County. Please check with your local library for opening times and internet availability.
5. Online at www.corkcoco.ie/en/Cork-County-Development-Plan-2022-2028 at all times.

Copies of the Public Consultation Document are also available for purchase, enquiries to the Planning Policy Unit; Tel 021 4285900.

This Public Consultation Document is accompanied by a series of Background Documents on key topics which highlight the main issues to be considered as part of the Plan review. These documents can be downloaded from www.corkcoco.ie/en/Cork-County-Development-Plan-2022-2028.

**Public Information Evenings**
In order to ensure that the plan reflects the wishes of the people of County Cork, the general public are invited to attend a series of public consultation events held across the County. At these events, the public will have the opportunity to discuss the issues which the new Development Plan needs to address, with Council Planning Officers.

These events will take place from 5 p.m. to 7 p.m. on the dates; venues and locations listed below:

**Tuesday 24th March, 2020,**
Castle Hotel, Macroom

**Wednesday 25th March, 2020,**
Radisson Blu Hotel, Little Island

**Thursday 26th March, 2020,**
Trident Hotel, Kinsale

**Tuesday 31st March, 2020,**
Firgrove Hotel, Mitchelstown

**Wednesday 1st April, 2020,**
Carrigaline Court Hotel, Carrigaline

**Thursday 2nd April, 2020,**
Hibernian Hotel, Mallow

**Tuesday 7thApril, 2020,**
Former Town Council Offices (above Library), Skibbereen.

**Wednesday 8th April, 2020**
Walter Raleigh Hotel, Youghal.

**Please come along and get involved; all are welcome!**

**Community Clinics**
On each of the above dates, prior to the Public Information Events, it is also proposed to hold a series of Community Clinics from 2.30 p.m. to 4.30 p.m. at the locations/ venues listed above. At these clinics community groups/ organisations may discuss the issues to be addressed in the new County Development Plan. If your organisation would like to book a meeting at one of these events, please contact the Planning Policy Unit at Tel: 021 4285900.

**Making a Submission**
Submissions or observations regarding the review of the existing Plan(s), the preparation of a new County Development Plan and the policies and objectives which should be included in the new Plan to deliver an overall strategy supporting the proper planning and sustainable development of the area, are hereby invited from members of the public, children, or groups or associations representing the interests of children and other interested parties.

On the basis that it is proposed to include the former Town Council functional areas and the current Municipal District Local Area Plans in the new County Development Plan, parties with an interest in lands within these areas should consider the need to make a submission to the County Council as part of this consultative process.

The Planning Authority intends to review the zoning of the area of the development plan including the 9 former Town Council Towns and the settlements in the 8 Municipal District Local Area Plans, 2017 for the purposes of developing objectives and policies to deliver an overall strategy for the proper planning and sustainable development of the area of the development plan and the core strategy.

However at this stage requests or proposals for the zoning of particular land for any purpose shall not be considered.

Submissions may be made during the period from 12th March, 2020 to 4 p.m. on Thursday 7th May, 2020 in either of the following two ways listed hereunder:

- Make a submission or observation on-line, just log on to our website www.corkcoco.ie/en/Cork-County-Development-Plan-2022-2028 and follow the instructions provided

OR

- Make a formal written submission to the Senior Planner, Planning Policy Unit, Planning and Development Directorate, Cork County Council, Floor 13, County Hall, Cork.

For legal reasons, we cannot accept submissions for this pre-draft stage outside the period from 12th March, 2020 to 4 p.m. on Thursday 7th May, 2020. All such submissions lodged within the above period will be taken into consideration prior to the preparation of the new Draft County Development Plan.

Please make your submission by one medium only i.e. via the website or in hard copy. This will avoid the duplication of submission reference numbers and will streamline the process. Where possible, please include your name and address on a separate page to the content of your submission in order to assist Cork County Council in complying with the provisions of the Data Protection Act. Your assistance on these issues is appreciated.

Because of the large volume of submissions expected the public are advised to make their submissions/observations to the Council well in advance of the closing date.

Please note that in accordance with Section 19 of the Planning and Development (Amendment) Act, 2018 all valid submissions received by the Council shall be published on the Cork County Council website within 10 working days of its receipt by the Council. The planning process is an open and public process and therefore your submission (in part or in total) will be available to view online at https://www.yourcouncil.ie/service/Planning_Policy_Submissions.

Cork County Council is subject to the requirements of the Freedom of Information Act, 2014; the Data Protection Act, 2018 and to the General Data Protection Regulations (GDPR).

Please be aware that in order to process those submissions that contain certain GDPR Special Categories of data/ Sensitive Personal Data as defined by Article 9 of the GDPR explicit consent to the processing of the special categories of data must be provided by the person to whom the data refers.

It is necessary for the Council to collect some personal information in order to process your submission. Legally we can process this information in the exercise of official authority vested in the Council. The protection of your personal data is a key priority for the Council and your data will be processed in line with our Privacy policy which is available at https://www.corkcoco.ie/privacy-statement-cork-county-council or hardcopy from our offices at County Hall, Carrigrohane Road, Cork.

Should you have any questions about our privacy policy or the information we hold about you please contact us by email to dpo@corkcoco.ie or write to us at Data Protection Officer, Cork County Council, County Hall, Carrigrohane Road, Cork.

**Dated this 12th day of March, 2020**
**MICHAEL W. LYNCH**
**DIRECTOR OF SERVICES**
**(Planning and Development)**
**DESIGNATED PUBLIC OFFICIAL UNDER REGULATION OF LOBBYING ACT, 2015**

## FÓGRA POIBLÍ

**PLEAN FORBARTHA CHONTAE CHORCAÍ 2022-2028**
**CÉIM CHOMHAIRLEACH RÉAMHDHRÉACHTA**

De bhun Alt 11 den Acht (Leasú) um Pleanáil agus Forbairt 2000, leis seo tugtar fógra go bhfuil sé i gceist ag Comhairle Contae Chorcaí, is iad mar Údarás Pleanála don chontae, an Plean Forbartha Contae 2014 a athbhreithniú agus Plean nua Forbartha Contae a ullmhú dá ceantar feidhme.
Tá sé i gceist go mbeidh Plean nua Forbartha Chontae Chorcaí 2021 ar an gcéad Plean daingean do cheantar iomlán feidhme Chomhairle Chontae Chorcaí. Béarfar isteach sa Phlean nua Forbartha Chontae ceantair fheidhme na 9 mBailte Comhairle Baile mar a bhíodh agus na lonnaíochtaí atá laistigh de na Pleananna Ceantar Áitiúil mar atá faoi láthair ann do na 8 gCeantar Bardasaí.

Maidir leis seo, tiocfaidh an Plean nua Forbartha Chontae ní hamháin in ionad an Phlean Forbartha Contae atá faoi láthair ann (mar a athraíodh) ach na doiciméid seo a leanas chomh maith:

- Pleananna Forbartha Cloch na Coillte, An Cóbh, Mainistir Fhear Maí, Cionn tSáile, Maigh Chromtha, Mala, Mainistir na Corann, An Sciobairín, Eochaill agus
- na 8 Plean Ceantar Áitiúla a deineadh i 2017 do na Cheantair Bhardasaí.

Saothar straitéiseach de nádúr a bheidh sa phlean nua forbartha a ullmhú ar son cuspóirí agus polasaithe a fhorbairt i dtreo straitéis iomlán don phleanáil chóir agus forbairt inmharthana i gceantar an phlean fhorbartha agus na sráitéise lárnaí.

**Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA)**
De bhun Airteagal 13B de na Rialacháin (Leasú) (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) um Pleanáil agus Forbairt 2004 (S.I 436 de 2004), leis seo tugtar fógra go ndéanfaidh an tÚdarás Pleanála Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a chur i gcrích mar chuid den phróiseas athbhreithnithe agus chuige sin, go n-ullmhóidh an tÚdarás Pleanála freisin Tuairisc Comhshaoil ar na tionchair shuntasacha a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an gcomhshaol de dheasca an phlean nua a fheidhmiú, agus beidh feidhm le hAirteagail 13C go 13J na Rialacháin SEA 2004.

**Measúnú Oiriúnach**
De bhun Airteagal 6 den Treoir Gnáthóg 92/43/CE, leis seo tugtar fógra go ndéanfar cleachtadh scagtha Céim a hAon mar chuid den phróiseas agus go ndéanfar Measúnú Oiriúnach Céim a Dó, (más gá.)

**Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí**
Chun díospóireacht a ghríosadh agus rannpháirtíocht a spreagadh sa phróiseas seo ullmhaíodh Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí agus é sin ar fáil le féachaint air ar na láithreacha seo a leanas, le linn gnáthuaireanta oscailte, idir Déardaoin 12 Márta, 2020 agus 4pm Déardaoin 7 Bealtaine, 2020 (an dá lá san áireamh):

1. An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Corcaigh
2. An Roinn Pleanála, Oifigí Chomhairle Contae Chorcaí, Tigh Uí Neachtain, An Sciobairín, Co. Chorcaí
3. Oifig Ranna na Comhairle Contae, Annabella, Mala, Co. Chorcaí
4. Brainsí Leabharlainne na Comhairle Contae ar fud Contae Chorcaí. Dein seiceáil le do leabharlann áitiúil chun eolas a fháil ar uaireanta oscailte agus teacht ar an idirlíon.
5. Ar líne ag https://www.corkcoco.ie/en/Cork-County-Development-Plan-2022-2028 am ar bith

Tá cóipeanna crua den Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí ar fáil freisin, ach iad a lorg ón Aonad Pleanáil Polasaí; Teil 021 4285900.

I dteannta an Doiciméid Chomhairliúcháin Phoiblí tá sraith Doiciméid Chúlra ar ábhair thábhachtacha a leagann béim ar na mórcheisteanna a bheidh mar chuid den athbhreithniú ar an bPlean. Féadfar iad siúd a íoslódáil ag https://www.corkcoco.ie/en/Cork-County-Development-Plan-2022-2028

**Tráthnóntaí Eolais Phoiblí**
Lena chinntiú go bhfreagróidh an plean do mhianta phobal Chontae Chorcaí, tugtar cuireadh don phobal mór freastal ar shraith ócáidí comhairliúcháin a bheidh ar siúl ar fud an chontae. Ag na hócáidí úd beidh deis ag an bpobal plé a dhéanamh le hOifigigh Phleanála na Comhairle Contae ar na ceisteanna a gcaithfear díriú orthu sa Phlean nua Forbatha Contae.

Beidh na hócáidí ar siúl idir 5 p.m. agus 7 p.m. ar na dátaí, sna láithreacha agus ionaid a liostáiltear anso thíos:

**Máirt 24 Márta, 2020,**
Óstán an Chaisleáin, Maigh Chromtha
**Céadaoin 25 Márta, 2020,**
Óstán Radisson Blu, An tOileán Beag
**Déardaoin 26 Márta, 2020,**
Óstán Trident, Cionn tSáile
**Máirt 31 Márta, 2020,**
Óstán Firgrove, Baile Mhistéala
**Céadaoin 1 Aibreán, 2020,**
Óstán Carrigaline Court, Carraig Uí Leighin
**Déardaoin 2 Aibreán, 2020,**
Óstán Hibernia, Mala
**Máirt 7 Aibreán, 2020,**
Oifigí na Comhairle Baile mar a bhíodh (os cionn na Leabharlainne), An Sciobairín
**Céadaoin 8 Aibreán, 2020,**
Óstán Walter Raleigh, Eochaill

**Bí ann led thoil agus glac páirt; fáilte roimh chách!**

**Clinicí Pobail**
Ar na dátaí thuasluaite, sula dtosnaíonn an Ócáid Eolais Phoiblí, tá sé i gceist sraith Clinicí Pobail a reachtáil idir 2.30 p.m. agus 4.30 p.m. ar na láithreacha/sna hionaid a liostáiltear anso thuas. Ag na cliinicí seo beidh deis ag grúpaí pobail/eagraíochtaí na ceisteanna a bhaineann leis an bPlean Forbatha Contae a phlé. Más maith le heagraíocht cruinniú a chur in áirithe ag ceann de na hócáidí seo, dein teagmháil led thoil leis an Aonad Pleanáil Polasaí, Comhairle Contae Chorcaí ag Teil: 021 4285900.

**Aighneacht a dhéanamh**
Lorgaítear aighneachtaí nó tuairimí ón bpobal, leanaí, grúpaí nó cumainn a sheasann ar son leas leanaí maraon le páirtithe leasmhara eile, faoin athbhreithniú ar an(na) bPlean/Pleananna mar atá, Plean nua Forbartha Contae a ullmhú, maraon leis na polasaithe agus cuspóirí ar cheart iad a chuimsiú sa Phlean nua ionas go soláthrófar straitéis iomlan a thacóidh le pleanáil chóir agus forbairt inmharthana an cheantair.

Ar an mbonn go gcuimseofar sa Phlean nua Forbartha Contae na ceantair fheidhme mar a bhíodh faoi na Comhairlí Baile agus na Pleananna Ceantar Áitiúil do na Ceantair Bhardasaí mar atá faoi láthair, ba chóir dóibh siúd ag a bhfuil suim i dtailte sna limistéir úd smaoineamh ar an ngá a bheadh le haighneacht a sheoladh chuig an Comhairle Contae mar chuid den bpróiseas comhairliúcháin seo.
Tá sé ar intinn ag an Údarás Pleanála athbhreithniú a dhéanamh ar zónáil ceantar an phlean fhorbartha, san áireamh beidh na 9 mBaile Comhairli Baile mar a bhíodh agus na lonnaíochtaí atá suite sna Pleananna Ceantar Áitiúil do na 8 gCeantar Bardasaí, 2017. Déanfar é sin chun cuspóirí agus polasaithe a sholáthar a bheidh mar straitéis chuimsitheach um phleanáil chóir agus forbairt inmharthana ceantar an phlean fhorbartha maraon leis an stráitéis lárnach. Lena linn seo is fíor, áfach, nach nglacfar le haon iarratas ná moladh maidir le tailte a zónáil ar chúis ar bith.

Féadfar aighneachtaí a dhéanamh le linn an tréimhse idir 12 Márta, 2020 agus 4pm Déardaoin 7 Bealtaine, 2020 trí cheachtar de na slite a liostáiltear anso thíos:

- Dein aighneacht nó luaigh tuairim ar líne, logáil isteach ar ár suíomh https://www.corkcoco.ie/en/Cork-County-Development-Plan-2022-2028 agus lean na treoracha a thugtar

NÓ

- Seol aighneacht fhoirmeálta i scríbhinn chuig An Pleanálaí Sinsir, Aonad Pleanáil Polasaí, Stiúrthóireacht um Pleanáil agus Forbairt , Comhairle Contae Chorcaí, Urlár 13, Halla an Chontae, Corcaigh

Ar son cúiseanna dlíthiúla, ní féidir linn glacadh le haighneachtaí don cheim seo réamhdhréachta lasmuigh den tréimhse 12 Márta, 2020 agus 4pm Déardaoin 7 Bealtaine 2020. Cuirfear gach aon aighneacht a fhaightear le linn na tréimhse thuasluaite san áireamh agus an Dréachtphlean nua Forbartha Contae á ullmhú.

Led thoil seol an aighneacht trí mheán amháin i.e. trín suíomh idirlín nó mar chóip cruaidh. Ar an gcuma san ní bheidh uimhreacha dúbailte tagartha ann agus beidh sruthlíne sa phróiseas. Nuair is féidir, luaigh led thoil d'ainm is do sheoladh ar leathanach ar leith seachas a bhfuil san aighneacht, sin chun cabhrú le Comhairle Contae Chorcaí is iad ag géilleadh d'fhorálacha an Acht um Chosaint Sonraí. Is mór againn do chabhair maidir leis na cúrsaí seo.
De bharr sinn a bheith ag súil le carn mór aighneachtaí moltar don phobal na haighneachtaí/tuairimí a sheoladh chuig an Chomhairle tamall maith roimis an dáta deiridh.

Tabhair ard led thoil go bhfoilseofar na haighneachtaí bailí go léir a fhaigheann an Chomhairle ar shuíomh idirlín na Comhairle laistigh de 10 lá oibre óna bhfáil ag an gComhairle, sin de réir Alt 19 den Acht (Leasú) um Phleanáil agus Forbairt, 2018. Próiseas oscailte poiblí is ea an próiseas pleanála agus dá bhrí sin beidh d'aighneacht (ar an iomlan nó cuid éigin de) ar fáil lena feiscint ar líne ag https://www.yourcouncil.ie/service/Planning_Policy_Submissions

Tá Comhairle Contae Chorcaí faoi réir riachtanais An Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014; An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 agus na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).

Bíodh a fhios agat led thoil go gcaithfidh an duine lena mbaineann na sonraí aontú go soiléir go ndéantar próiseas ar chatagóirí speisialta sonraí chun gur féidir próiseas a dhéanamh ar na haighneachtaí seo mar a bhfuil Catagóirí Speisialta sonraí GDPR / Sonraí Leochaileacha Pearsanta mar a mhínítear in Alt 9 den GDPR.

Caithfidh an Chomhairle eolas éigin pearsanta a bhailiú chun próiseas a dhéanamh ar d'aighneacht. Go dlíthiúil féadfaimid é sin a dhéanamh mar an údarás oifigiúil dílsithe atá ag an gComhairle a fheidhmiú. Tugann an Chomhairle tús áite dod chuid sonraí pearsanta a chosaint agus déanfar próiseas ar do chuid sonraí de reir ár bpolasaí Príobháideachais atá ar fáil ag https://www.corkcoco.ie/privacy-statement-cork-county-council nó gheofar cóip cruaidh ónár oifigí i Halla an Chontae, Bóthar Carraig Ruacháin, Corcaigh.

Má tá ceist ar bith agat faoinár bpolasaí príobháideachais nó eolas ar bith atá againn maidir leat féin dein teagmháil linn led thoil trí r-phost le dpo@corkcoco.ie nó scríobh chuig An tOifigeach um Chosaint Sonraí, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Bóthar Carraig Ruacháin, Corcaigh.

**Dátaithe an lá seo 12 Márta, 2020**
**MICHAEL W. LYNCH**
**STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ**
**(PLEANÁIL AGUS FOBAIRT)**
**OIFIGEACH POIBLÍ AINMNITHE FAOIN ACHT UM RIALÚ BRÚSTOCAIREACHTA, 2015**